
# LawEd- Treoirleabhar Dlí do Dhaltaí Meánscoile



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER

# Réamhrá

Is ábhar an-éagsúil agus suimiúil é an dlí, mar go bhfuil tionchar aige ar beagnach gach rud a tharlaíonn dúinne. Ó na cásanna coiriúla tábhachtachtacha, go dtí na táthcheangail ciúin sa ghnó, don bharra seacláide a cheanaíonn tú sa siopa, tá sé soléir go bhfuil an chuid is mó dár ngnáthchúramaí bainteach leis, agus rialaithe ag an dlí.

Tá tábhacht an dlí mínithe go bunúsach ag Raymond Wacks i 'Law: A Very Short Introduction' (2015): *"Your job, your home, your relationships, your very life – and your death – all, and more, are managed, and directed by the law"*.

Staidéir a dhéanamh ar an dlí - agus is fiú machnamh a dheanamh air. Is féidir staidéir an dlí a bheith deacair, strusmhar ó am go ham, agus is próiséas crua é a thógann thart ar 4-8 mbliana le bheith cáilithe. Tá spreagadh agus díograis láidir ag teastáil chun tús a chur leis, agus chomh maith le sin nó mór duit a bheith sásta obair go dian agus foghlaim an t-am ar fad. Má tá tú in ann na tréithe seo a thaispeáint áfach, feicfidh tú gurb oideachas tairbheach é staidéir an dlí agus go leor deiseanna iontacha ag baint leis!

Is é aidhm an treoirleabhair seo ná eolas a thabhairt duit faoin dlí in Éirinn, agus na slite difriúla chun dul leis an dlí mar ghairm.

# Beagáinín Eolas Faoi LawEd

Le deich mbliana anuas tá LawEd ag cur ceardlanna ar fáil faoin dlí agus ag tabhairt comhairle gairme in Éirinn. (CareerEd).

Tá breis is 10 mbliana taithí iontach againn i dtaobh gairm na ndaoine mar mhúinteoirí, traenálaithe, agus lucht déanta ábhair. Déanaimid ár ndícheall ábhair agus torthaí foghlama nua a chruthú in oiriuint do na hathruithe leanúnacha a tharlaíonn sa dlí agus san oideachas.

Is é LawEd ceann de na céad soláthraithe sa tír a chuireann ceardlanna foghlama agus cúrsaí r-fhoghlaim chumaiscthe ar fáil. Táimid tar éis cúrsaí dlí r-fhoghlaim idirghníomhach ar leith a chruthú i gcomhair an t-aos óg. Oibríonn muid ar an láthair, ar líne, agus trí ár scoil r-fhoghlaim chun ábhair oideachasúil ar leith a chur ar fáil. Oibríonn muid le daltaí na hidirbhliana, an tsraith shinsearach, ardteistiméireacht fheidhmeach, gairmchlár na hardteistiméireachta, agus ógteagmháil, agus cuireann muid ceardlanna ar fáil do dhaltaí sa teastas sóisearach. Cuireann muid cúrsaí ar fáil ar fud na tíre.



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

# Clár an Ábhair


**RÉAMHRÁ** I
**EOLAS FAOI LAWED** I
**STAIDÉIR TRÍÚ LEIBHÉAL** 1
CÚRSAÍ DLÍ IN ÉIRINN 2
**BUNCHÚRSA GAIRMEACHA DLÍ** 4
**ATURNAE** 5
RÓL AN ATURNAE 5
CONAS A BHEITH I D'ATURNAE 6
**ABHCÓIDE** 8
RÓL AN ABHCÓIDE 8
CONAS A BHEITH I D'ABHCÓIDE 9
**BREITHEAMH** 11
RÓL AN BHREITHIMH 11
CONAS A BHEITH I DO BHREITHEAMH 12
**CLÁRAITHEOIR NA CÚIRTE** 13
RÓL AN CHLÁRAITHEORA 13
CONAS A BHEITH I DO CHLÁRAITHEOIR 14
**RÚNAÍ DLÍ** 15
RÓL AN RÚNAÍ DLÍ 15
CONAS A BHEITH I DO RÚNAÍ DLÍ 16
**INTÉIRNEACH DLÍ/PARAIDHLÍTHIÚIL** 17
RÓL AN INTÉIRNEACH DLÍ/PARAIDHLÍTHIÚIL 17
CONAS A BHEITH I D'INTÉIRNEACH DLÍ/PARAIDLÍTHIÚIL 18
**RÉIMSÍ ÉAGSÚLA DLÍ** 19
DLÍ COIRIÚIL 20
DLÍ TORT 20
DLÍ IDIRNÁISIÚNTA 21
DLÍ NA GCONARTHAÍ 21
DLÍ RÉADMHAOINE 22
DLÍ NA GCOMHLACHTAÍ 22
DLÍ SPÓIRT 23
DLÍ LEIGHIS 23
**PRÍOMH SCILEANNA & TRÉITHE** 24
CUMARSÁID 25
TAIGHDE 25
BUANSEASMHACHT 26
**IMEACHTAÍ AGUS CÚRSAÍ** 27
**LawEd/CareerEd Aspire** 28




© LawEd - All rights reserved - LawEd2024


LawEd
TAKING THE LAW FURTHER




# STAIDÉIR TRÍÚ LEIBHÉAL


Cé nach riachtanas é i gcónaí céim dlí a bheith agat chun obair a fháil sa réimse dlí, is minic a phiocann daltaí atá ag smaoineamh ar an obair seo staidéir a dhéanamh ag tríú leibhéal. Is féidir leis an cinneadh seo a bheith an-tairbheach, mar go dtugann sé seans do dhaltaí tuiscint agus oideas maith a fháil i réimse leathan ábhair dlí.

Tá seans maith ann go mbeadh buntáiste ag daoine a dhéanann staidéir ar an dlí chun post a fháil sa dlí thar daoine nach ndéanann an staidéir céanna. Chomh maith le sin, cabhróidh an staidéir seo le daltaí chun cinneadh a dheanamh maidir leis an cineál réimse a bhfuil suim acu iontu. Fiú má roghnaíonn tú gan dul leis an dlí mar ghairm, cabhróidh oideachas san ábhar seo leat go leor deiseanna eile a bhaint amach i réimse leathan tionscail.

I gcroílár gach scoil dlí, tá an dearcadh ann  ‘an dlí a fhoghlaim’: an dlí a thuiscint, léirmheas, meastóireacht, agust trácht a dhéanamh air, agus é a chur é a usáid chun fadhbanna agus deacrachtaí a réiteach.









www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER



# CÚRSAÍ DLÍ IN ÉIRINN

De ghnáth, bíonn cúrsa leibhéal 8 amháin ar a laghad ar fáil i bhformhór na hollscoileanna agus institiúidí sa tír chun céim dlí a bhaint amach. Tá na cúrsaí seo doiciméadaithe thíos:

| UNIVERSITY | COURSE TITLE | LEVEL | Req. Points (2024) |
|---|---|---|---|
| Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | Law (LL.B.) | 8 | 287 |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | Law (Pathways) | 8 | 530 |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | Law and Business | 8 | 578 |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | Law and French | 8 | 510 |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | Law and Irish | 8 | 522 |
| Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn | Law | 8 | 327 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Law and Society (BCL) | 8 | 489 |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Law (LL.B.) | 8 | 420 |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Law (LL.B.) with a Language | 8 | 347 |
| Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath | Business and Law | 8 | 576 |
| Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath | Law (BCL) | 8 | 556 |
| Coláiste Uí Ghríofa | Law | 8 | 249 |
| Coláiste na Tríonóide | Law | 8 | 578 |
| Coláiste na Tríonóide | Law and French | 8 | 600 |
| Coláiste na Tríonóide | Law and German | 8 | 543 |
| OÉ Gaillimh | Law | 8 | 500 |
| OÉ Gaillimh | Law and Business | 8 | 500 |
| OÉ Gaillimh | Law and Human Rights | 8 | 506 |
| OÉ Gaillimh | Law and Taxation | 8 | 521 |
| OÉ Gaillimh | Law, Criminology & Criminal Justice | 8 | 501 |
| Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad | Law | 8 | 451 |
| Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad | Law (Open Choice) | 8 | 418 |
| Institiúid Teicneolaíochta Luimneach | Law and Taxation | 8 | 307 |
| Ollscoil Luimnigh | Law Plus | 8 | 507 |
| Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | Law | 8 | 319 |
| | | | |
| | | | |



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

Tá cúpla cúrsaí leibhéal 6-8 ar fáil i roinnt ollscoileanna agus institiúidí chomh maith a bhfuil baint acu leis an dlí. Tá na cúrsaí seo doiciméadaithe thíos:

| THIRD LEVEL INSTITUTES | COURSE TITLE | LEVEL | Req. Points 2024 |
|---|---|---|---|
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain | Law | 8 | 327 |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain | Business and Law | 8 | 280 |
| Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | Legal Studies | 6 | 204 |
| Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | Business with Law | 6 | 249 |
| Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn | Law with Criminal Justice | 7 | 204 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Arts (Joint Honour) Law | 8 | 378 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Economics, Politics and Law | 8 | 440 |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Business and Law | 8 | 451 |
| Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath | Business Studies (Law) | 8 | 220 |
| OÉ Gaillimh | Government (Politics, Economics & Law) | 8 | 351 |
| Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad | Arts – Law | 8 | 307 |
| Ollscoil Luimnigh | Law and Accounting | 8 | 433 |
| Ollscoil Luimnigh | Criminal Justice | 8 | 379 |
| Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | Legal Studies | 6 | 212 |
| Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | Criminal Justice Studies | 8 | 288 |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |





www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024



# BUNCHÚRSA GAIRMEACHA DLÍ

De ghnáth, nuair a smaoineann muid ar gairmeacha atá bainteach leis an dlí, smaoineann muid ar dlíodóir na cúirte mar a fheictear sa nuacht, agus sna clár teilifíse is fearr linn – ní thugann *Silk* nó *Suits* léaráid maith dúinn! Ach i ndáiríre, ní hé an post seo an t-aon gairm a bhaineann leis an dlí.

Seo cúpla sampla de ghairmeacha dlí:



















Tá níos mó eolas ar na gairmeacha seo ar fáil níos déanaí sa treoirleabhair.



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER



# ATURNAE

Is gairm coitianta é gairm an **aturnae** sa dlí. Bíonn an cuid is mó d'aturnaetha fostaithe ag comhlachtaí dlíodóirí, agus mar sin obair lánaimseartha atá acu le tuarastal, laethanta saoire agus saoire bhreoiteachta rialta. Is é jab an aturnae ná eolas agus comhairle dhlí a thabhairt do dhaoine. De ghnáth, má tá fadhb agat atá bainteach leis an dlí, is é an aturnae an chéad duine a chuirfidh tú glaoch ar. Tugann siad comhairle, déanann siad iarracht fadhbanna dlí a réiteach, agus déanann siad ionadaíocht i gcomhair a gcuid cliantaí agus iad ag déileáil le partaí eile.

## RÓL AN ATURNAE

Go hiondúil, is féidir an obair a dhéanann aturnaetha a roinnt mar seo:

a) **obair conspóideac**h, agus

b) **obair neamh-conspóideach**

Baineann an obair sa chéad catagóir le achrannaí a réiteach idir dhá phairtí, agus is minic a bhíonn cúirt nó binse ag teastáil. Is minic a fheictear an saghas seo oibre léirithe ar an teilifís.

Baineann an obair sa dara catagóir le hobair a dhéanann an aturnae chun dul i ngleic le riachtanais pearsanta agus gnó an chliant. Samplaí den saghas oibre seo ná réadmhaoin a cheannach agus a dhíol, táthcheangail gnó a shocrú, agus uachtanna a dhréachtú.

I rith an lae, is minic a bhionnl ar aturnaetha;

- **buaileadh le cliantaí,**
- **agallaimh a dhéanamh,**
- **conraí & doiciméidí dlítheach a dhréachtú agus**
- **a phróiséis, agus taighde a dhéanamh ar ceisteanna dlí casta.**





www.lawed.ie
info@lawed.ie

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

# CONAS A BHEITH I D'ATURNAE

Má tá suim agat a bheith i d'aturnae, tá cupla céim ann le bheith cáilithe:

## CÉIM A HAON — RÉAMHSCRÚDÚ (I GCOMHAIR NEAMH-CÉIMITHE AMHÁIN)

De ghnáth, déanann an cuid is mó d'aturnaetha an cinneadh staidéar a dhéanamh ar an dlí ag tríú leibhéal, mar go gcabhróidh an t-oideachas sin leo sa todhchaí. Ag an am céanna, tá sé indéanta a bheith i d'aturnae gan céim sa dlí nó in aon réimse eile trí mheán an Réamhscrúdú. Cuirtear an Réamhscrúdú ar siúl uair amháin sa bhliain, agus caithfidh iarrthóirí a bheith 21 ar a laghad chun cur isteach ar.

Tá trí pháipéir sa scrúdú:

- a) **Béarla**
- b) **Rialtas agus Polaitíocht na hÉireann**
- c) **Eolas Ginearálta**



Ní mór d'iarrthóirí pas a bhaint amach sa trí pháipéir in aon iarracht amháin agus tá grád 50% ag teastáil. Is féidir iarracht a dhéanamh trí huaire chun pas a fháil sa Réamhscrúdú.

## CÉIM A DÓ — SCRÚDÚ DEIRIDH – CÉAD PHÁIRT (FE-1)

Nuair atá an Réamhscrúdú críochnaithe acu, nó nuair atá céim bainte amach ag an iarrthóir ó institúid tríú leibhéal, an céad chéim eile ná na **scrúdaithe Fe-1** a dhéanamh. Cuirtear an scrúdú seo ar siúl dhá uair sa bhliain, le ocht bpáipéir sna hábhair seo a leanas:

- a) **Dlí na gComhlachtaí**
- b) **Dlí Bunreachtúil**
- c) **Dlí na gConarthaí**
- d) **Dlí Coiriúil**
- e) **Dlí an Aontais Eorpaigh**
- f) **Cothromas**
- g) **Réadmhaoin**
- h) **Dlí Tort**



De ghnáth, ní mór d'iarrthóirí 50% a bhaint amach i ngach pháipéir chun pas a fháil. Nuair atá sé sin déanta acu, cuirtear ainm an iarrthóra isteach in Dlí-Chumann na hÉireann chun staidéir a dhéanamh leo i gcomhair a gcáilíocht ghairmiúil.



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd TAKING THE LAW FURTHER

## CEÍM A TRÍ
## CÚRSA CLEACHTADH PROIFISIÚNTA (PPC) & TRAENÁIL SAN OIFIG



Agus na scrúdaithe Fe-1 críochnaithe acu, cuirfidh dlíodóirí faoi oiliúint tús leis an PPC le Ollchumain Dlí na hÉireann. Tá an chuid seo bunaithe ar cleachtadh don chuid is mó, agus ní mór do mhic léinn aturnae oiriúnach a lorg chun iad a thraenáil. Chun tús a chuir leis an traenáil, caithfidh mic léinn pas a fháil sa **PPC I** a reachtálann Dlí-chumann na hÉireann i bPlás Blackhall i mBaile Átha Cliath, an t-aon ionad oiliuna in Éirinn i gcomhair dlíodóirí faoi oiliúnt. De ghnáth bíonn PPC I ar siúl ó Mhean Fómhair go Márta an bhlian dár gcionn.



Nuair atá PPC I críochnaithe ag iarrthóirí, cuirfear tús lena gconradh oiliúna lena n-aturnae urraithe. Rachfaidh iarrthóirí ar ais go Phlás Blackhall 11 mhí ina dhiaidh sin chun a**n PPC II** a dhéanamh. Tosáionn PPC II in Aibréan agus críochnaíonn sé i Meitheamh go hiondúil, scrúdaithe san áireamh. Nuair atá PPC II críochnaithe acu, rachfaidh iarrthóirí ar ais chuig a n-aturnaetha chun an conradh traenála a chríochnú.

## CÉIM A CEATHAIR
## ÁIT AR ROLLA ATURNAETHA



Nuair atá iarrthóirí tar éis a gcuid traenála agus PPC a chríochnú, is féidir leo iarratas a dhéanamh chun a n-ainmeacha a chur isteach ar Rolla na hAturnaetha atá ag cleachtadh a ngairme. Nuair a ghlactar leis an iarratas seo, an céim deireanach ná chun iarratas a dhéanamh i gcomhair **teastas cleachtadh**, a thugann an deis d'iarrthóirí chun cleactadh mar aturnae cáilithe in Éirinn.






www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER



# ABHCÓIDE

Gairm dlíthiúil coitianta eile ná an **abhcóide**. Ionadaíocht cúirte agus **abhcóideacht** (advocacy) an speisialtóireacht atá acu agus feictear iad go minic léirithe ar an teilifís. Difríocht amháin atá idir abhcóidí agus aturnaetha ná go bhfuil abhcóidí féinfhostaithe de ghnáth, agus mar gheall air sin is deacair slí bheatha a dhéanamh as, ach go háirithe nuair atá tú díreach cáilithe. Má éiríonn leat agus tú i d'abhcóide áfach, d'fhéadfá dul i bhfad: níl aon teorainn leis!

## RÓL AN ABHCÓIDE

De ghnáth, cureann abhcóidí dhá príomhseirbhís ar fáil.

Ar dtús, cuireann siad ionadaíocht cúirte ar fáil, agus mar sin caithfidh siad a bheith ina saineolaithe i díospóireacht agus léiriú dlíthiúil; tá an teacht i láthair thar a bheith tábhachtach chun argóint áititheach a chur le chéile.

Ar an dara dul síos, cuireann abhcóidí comhairle dlíthiúil neamhspleách ar fáil go dhaoine maidir leis an chuid is mó do cheisteanna an dlí, cé go bhfuil speisialtóireacht ag roinnt abhcóidí i réimsí éagsúla, áfach.

De ghnáth, is é ról an abhcóide sa chúirt an ról a cheanglaíonn daoine lena ngairm. In san ról sin, is minic a bhíonn ar abhcóidí:

- ☑ **pléadáil** (pleadings) agus argóintí dlíthiúla a dhréachtú i gcomhair a gcuid cliantaí
- ☑ **aighneachtaí** (submissions) scríofa agus labhartha a réiteach, agus agallaimh
- ☑ **croscheistiú** (cross-examination) a dhéanamh



Ó am go ham, déanfaidh abhcóide sároilte iarracht chun socrú a dhéanamh idir a chliant agus an pháirtí eile taobh amuigh den chúirt, chun cás fada agus costasach a sheachaint. Mar sin tá sé tábhachtach freisin go mbeadh abhcóidí oilte in **idirghabháil** (mediation) ionas go bhféadfaidís an toradh is fearr a fháil i gcomhair a gcliantaí.


www.lawed.ie
info@lawed.ie
© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

# CONAS A BHEITH I D'ABHCÓIDE

Cosúil leis aturnaetha, ní tasc éasca é a bheith i d'abhcóide. Chomh maith le sin, fiú nuair atá siad cáilithe, tá abhcóidí féinfhostaithe agus neamhspleách. Mar sin, tá seans ann go dtógfaidh sé níos mó ama sula mbeidh gréasán iontaofa bunaithe acu. Tá cúpla céim ann chun cáilíocht a fháil, atá mínithe thíos.

## CÉIM A HAON — BUNRIACHTANAIS ACADÚIL

An chéad céim le bheith i d'abhcóide ná chun na bunriachtanais acadúil a chomhlíonadh. Tá dhá bhealach chun é seo a dhéanamh:

a) **céim sa dlí a bhaint amach ó ollscoil nó aon institiúid tríú leibhéal ceadaithe**, nó

b) **dioplóma sa léann dlí a chríochnú i gcoláiste Kings Inns tar éis aon céim eile a bhaint amach ar dtús**

Is féidir le mic léinn lánfhásta (thar 25) iarratas a dhéanamh i gcomhair an dioplóma gan céim ar bith a fháil ar dtús.



Caithfidh mic léinn na hábhair seo a dhéanamh agus pas a fháil iontu:

a) **Dlí Talún**

b) **Cothromas & Iontaobhais**

c) **Dlí-Eolaíocht**

d) **Dlí na gComhlachtaí**

e) **Dlí an Aontais Eorpaigh**

f) **Dlí Riaracháin**

Tógann sé thart ar 3-4 bliana chun céim dlí a chríochnú, agus tógann an dioplóma dhá bhliain.



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

## CÉIM A DÓ SCRÚDÚ IONTRÁLA & CÉIM 'BARRISTER-AT-LAW' SA KINGS INNS

Nuair atá iarrthóirí tar éis na bunriachtanais acadúil a chomhlíonadh, an chéad céim eile ná pas a fháil i scrúdú iontrála na Kings Inns. Tá cúig pháipéir sa scrúdú seo sna hábhair seo a leanas:

- a) **Dlí na gConarthaí**
- b) **Dlí Coiriúil**
- c) **Dlí Bunreacht na hÉireann**
- d) **Dlí Tort**
- e) **Dlí na Fianaise**




De ghnáth, tá 50% ag teastáil i ngach pháipéir chun pas a fháil.

Agus an scrúdú iontrála déanta agus críochnaithe agat, is féidir le hiarrthóirí clárú don chúrsa lánaimseartha (bliain amháin), nó don chúrsa páirt-aimseartha (dhá bhliain) san Kings Inns chun céim 'Barrister-at-Law' a bhaint amach. Tugann an cúrsa seo oiliúint do mhic léinn i go leor ábhar difriúla, bainteach le obair praicticiúil & nós imeachta go minic. Tá béim láidir ar abhcóideacht freisin, agus beidh an seans ag mic léinn freastal ar na cúirteanna, binsí, agus comhlachtaí speisialaithe eile go minic. Is iad abhcóidí cáilithe amháin a mhúineann an cúrsa seo.

## CÉIM A TRÍ TRAENÁIL (PUPILLAGE/DEVILLING)

Nuair atá iarrthóirí tar éis céim 'Barrister-at-Law' a bhaint amach, caithfidh an Príomh-Bhreitheamh iad a glaoch chun an Bharra. Chun cleactadh go neamhspleách, caithfidh iarrthóirí traenáil la abhcóide cáilithe ar feadh 12 mhí. Is é seo an céim deireanach, agus tugann sé an deis d'iarrthóirí taithí luachmhar a fháil, chomh maith le seans foghlaim ó duine proifisiúnta aitheanta. Glaotar 'devilling' air seo.








www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024
LawEd TAKING THE LAW FURTHER



# BREITHEAMH

Tá rol an-tábhachtach ag na breithiúna inár gcóras dlí. Ar an gcéad dul síos, feidhmíonn siad mar **cinnteoirí neamhchlaonta** (impartial decision-makers) i gcásanna cúirt. In Éirinn, tá níos mó ná cúirt amháín, i struchtúr céimlathach. Is é an cúirt is airde sa tír ná an an Chúirt Uachtarach, agus is iad na cúirteanna is ísle ná na gCúirteanna Dúiche. Má dhéanann breitheamh cinneadh maidir le cás sa Chúirt Uachtarach, agus bliain ina dhiaidh sin tagann cás comhionann go dtí an Chúirt Dúiche, caithfidh an breitheamh sa chúirt sin cloí leis an gcéad chinneadh ón gCúirt Uachtarach. Glaotar **fasach** (precedent) air seo. In sna gcúirteanna níos ísle sa tír, d'fhéadfadh breitheamh amháin a bheith páirteach i gcás, ach is féidir suas le seachtar a bheith páirteach i gcás sa Chúirt Uachtarach.

## RÓL AN BHREITHIMH

Tá roinnt scilleanna éagsúla ag teastáil ó bhreitheamh maith.

- ☑ Ní mór **tuiscint sármhaith maidir leis an dlí a bheith** ag an duine, toisc go mbeidh siad ag déileáil le go leor cásanna i roinnt réimsí difriúla.
- ☑ Ní mór don bhreitheamh feidhmiú **go neamhchlaonta** agus cinneadh a dhéanamh ar fiúntasaí an chás amháin, gan ligint dá chuid mothúcháin pearsanta dul i bhfeidhm air. Nuair a thugann breitheamh breithiúnas maidir le cás, tá sé tábhachtach **a bheith soiléir agus míniú** cén fáth go díreach a tháinig siad chuig an gcinneadh.



Samhlaigh gur choimeád do mhúinteoir istigh tú ag am lóin, gan míniú a thabhairt ar an gcúis; ní bheadh móran mhuinín agat ina chuid údaráis as sin amach!



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024



Cé nach gcruthaíonn breithiúna **reachtaíocht** (legislation), déanann roinnt dlíthe ar bhealach, mar go gcruthaíonn a gcuid cinntí an fasach a nascann cásanna sa todhchaí. In Éirinn, tá ár gcóras cúirteanna i **dlínse dlí coiteann** (common law jurisdiction. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na cinntí a dhéanann na breithiúna thar a bheith tábhachtach maidir le léirmhíniú an dlí as sin amach. An rogha eile atá ann ná **dlínse dlí sibhialta** (civil law jurisdiction), ina bhfuil reachtaíocht chódaithe níos tábhachtaí ná cinntí na gcúirteanna. Tá an córas seo i bhfeidhm sa bhFrainc, mar shampla.

Ó am go ham, beidh **giúiré** (jury) i láthair ag triail, agus mar sin ní thugann an breitheamh breithiúnas ar an gcás. Ina ionad sin, tugann an breitheamh treoraíocht don giúiré, agus cinntíonn sé go bhfuil an triail á reáchtáil i gceart.

## CONAS A BHEITH I DO BHREITHEAMH

Maidir le ceird an dlí tá seans mhaith ann gurb é gairm an bhreithimh an bealach is deacra agus is faide atá ann.

- ☑ Le bheith ceapaithe mar bhreitheamh sa Chúirt Dúiche, **tá taithí 10 mbliana ar a laghad ag teastáil ón iarrthóir mar aturnae nó abhcóide ar dtús**.
- ☑ Le bheith ceapaithe san Ard-Chúirt, sa Chúirt Achomhairc, nó sa Chúirt Uachtarach, **tá taithí 12 bliana ar a laghad ag teastáil ón iarrthóir.** De ghnáth, bíonn i bhfad níos mó taithí ag breithiúna ná an méid atá riachtanach chun na bunriachtanasaí a chomhlíonadh, agus mar sin tógfaidh sé a lán ama sula mbeidh fochéimí ina shuí ar an gCúirt Uachtarach!

De ghnáth, déanann an rialtas an cinneadh faoin duine a cheapfar mar bhreitheamh tar éis comhairle a fháil ón **Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha**. Tar éis sin, tugann an rialtas comhairle don Uachtarán, a cheapann an breitheamh ar son an rialtais. Má tá suim ag iarrthóir iarratas a chur isteach le bheith ina bhreitheamh, ní mór do cinntiú go bhfuil dea-cháil air , agus go bhfuil a gcuid chúrsaí cánach agus dociméidí ábhartha curtha i gcrích. Tá sé seo tábhachtach, mar muna bhfuil dea-cháil air déanfaidh sé dochar d'iontaoibh an phobail.





www.lawed.ie
info@lawed.ie
© LawEd - All rights reserved - LawEd2024
LawEd
TAKING THE LAW FURTHER



# CLÁRAITHEOIR NA CÚIRTE

Tá post tábhachtach ag an gCláraitheoir sa chúirt, mar is é an duine atá freagrach as gnéithe difriúla an chás agus aon ordú a dhéanann an breitheamh a chlárú. Is minic a bhíonn orthu **cúrsaí riaracháin a bhainistiú**, agus doiciméidí an cúirt a choimeád in ord. Go bunúsach, oibríonn cláraitheoirí go dian le cinntiu go mbeidh gach rud i gceart sna cúirteanna.


## RÓL AN CHLÁRAITHEORA

Is é an phríomh-ról atá ag an gcláraitheoir ná cabhair a thabhairt don bhreitheamh. Tá tascanna ar leith le déanamh acu le linn an lae.

- Ar dtús, caithfidh an cláraitheoir liosta a dhéanamh de gach cás a bheidh os cómhair na cúirte an lá sin, agus an liosta a úsáid chun ainmneacha na bpairtí a glaoch amach chun na páirtí a aithint sula dtosaíonn an chás.



- Nuair atá fianaise finné ag teastáil, má tá mionn an leabhair á thabhairt ag an finné, is é an chláraitheoir a chuireann an bíobla ar fáil.
- I rith an chás, tá ar an gcláraitheoir na doiciméidí ábhartha a choimeád agus aire a thabahirt dóibh, agus iad a chur ar fáil don bhreitheamh más gá.



- I ndeireadh na dála, nuair a dhéanann breitheamh órdú maidir le cás, ar nós dámhachtain nó téarma príosúnachta, déanann an cláraitheoir nóta dó chun imeachtaí an lae a chlárú.
- Is féidir an gairm seo a bheith an-tairbheach, mar bíonn cláraitheoirí i láthair ag go leor cásanna difriúla gach lá, agus feiceann siad conas a oibríonn an dlí sa chúirt.




www.lawed.ie
info@lawed.ie
© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

# CONAS A BHEITH I DO CHLÁRAITHEOIR

Murab ionann is gairmeacha eile sa dlí, de ghnáth ní gá do chláraitheoirí aon cháilíochtaí sa dlí a bheith acu. Is é an cúis le seo ná gur **seirbhísí phoiblí** (public servants) iad cláraitheoirí, fostaithe go díreach ón státseirbhís. Má tá suim ag duine a bheith páirteach sa státseirbhís, caithfidh siad iarratas a sheoladh chuig an **tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí** (Public Appointments Service).







ILe bheith ina cláraitheoir cúirte ráthúil, ba chóir:

- scileanna eagrúcháin iontacha a bheith ag an iarrthóir
- gnáth-scileanna teicneolaíochta chomh maith
- cosúil le clóscríobhneoireacht, mar shampla
- Ní leor na scileanna seo amháin áfach, agus ba chóir fíor suim a bheith ag an iarrthóir agus eolas sách maith ar an dlí; gan na tréithe seo, d'fhéadfadh an phost a bheith dian agus tuirsiúil!





www.lawed.ie
info@lawed.ie
C LawEd - All rights reserved - LawEd2024
LawEd TAKING THE LAW FURTHER



# RÚNAÍ DLÍ

Ní gá céim sa dlí a bheith ag duine chun post a fháil mar rúnaí dlí. Is slí iontach é do dhaoine le suim sa dlí a bheith páirteach in obair dlíthiúil gan ról lárnach a bheith acu sa chúirt. Tá an obair a dhéanann rúnaí dlí cosúil leis an obair a dhéanann cláratheoirí na cúirte, mar go bhfuil a lán **obair riaracháin** i gceist, agus ni mór dóibh cinntiu go bhfuil ag dul ar aghaidh go breá. An difríocht eatarthu, áfach, ná go bhfuil rúnaí dlí fostaithe ag comhlachtaí dlíodóirí, an cuid is mó den am.

## RÓL AN RÚNAÍ DLÍ

De ghnáth, tá príomhfhreagrachtaí an rúnaí dlí bainteach le hobair riaracháin agus rúnaíochta.







Dá bhrí sin,

- is minic a bhíonn scileanna eagraíocht
- clóscríbhneoireachta ag teastáil don phost seo.
- Maidir le tascanna laethúla, tá ar rúnaí dlí doiciméidí dlíthiúla a dhréachtú agus a choime
- taistil le aturnaetha chuig na cúirte nó chuig oifigí na nGardaí chun nótaí a thógáil ar eachtraí an lae.
- Chomh maith le na tascanna sin, is minic a thugtar postanna eile do rúnaí dlí, ar nós gutháin an chomhlachta a fhreagairt, cruinnithe/coinní a eagrú, cuntas a choinneáil ar caiteachas an chomhlachta, agus comhdúchán a dhéanamh.




www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

# CONAS A BHEITH I DO RÚNAÍ DLÍ

Mar atá léirithe thuas, níl sé riachtanach aon traenáil foirmiúil a bheith ag iarrthóir chun obair mar rúnaí dlí, ach cabhróidh sé go mór le éinne atá ag déanamh iarracht post a fháil. Tá go leor cúrsaí ar fáil in Éirinn a chuireann cáilíochtaí ar fáil in san réimse seo:

- ag cabhrú le daoine a scileanna clóscríobhneoireachta a feabhsú
- castachtaí Microsoft Office a fhoghlaim
- cumarsáid scríofa agus labhartha gnó a fheabhsú



D'fhéadfadh taithí oibre atá bainteach le hobair riaracháin agus rúnaíochta cabhrú go mór freisin. Tabharfaidh an obair seo taithí ar cuid de na phríomhscilleanna atá ag teastáil ó rúnaithe dlí. Bíonn comhlachtaí dlí ag lorg rúnaithe dlí an t-am ar fad, agus mar sin is deis iontach é do dhaoine le suim sa dlí chun a bheith páirteach in obair dlíthiúil.


© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER



# INTÉIRNEACH DLÍ/PARAIDHLÍTHIÚIL

Agus tú i do mhac léinn dlí, nó mac léinn a bhfuil suim acu sa dlí, an slí is fearr chun taithí a fháil agus chun cur le do CV ná chun intéirneacht dlíthiúil a fháil. An rud is fearr faoi intéirneachtaí ná go bhfuil siad go léir difriúil óna chéile, agus mar gheall air sin is féidir le mic léinn roghnú mar is áil leo. Mar shampla, cuireann go leor comlachtaí roinnt intéirneachtaí gan phá ar siúl i rith an tSamhraidh gach bhliain, a ritheann ar feadh ceithre seachtaine de ghnáth. Ar an lámh eile, cuireann comhlachtaí eile intéirneachtaí níos forbartha ar siúl, a mhaireann don bhliain ar fad, agus pá réasúnta ag dul leo!

## RÓL AN INTÉIRNEACH DLÍ/PARAIDHLÍTHIÚIL

Athraíonn an saghas oibre agus na freagrachtaí ag brath ar an gcineál comhlacht dlí a fhostaíonn an intéirneach. Go ginearálta, beidh ar intéarnacha tascanna a dhéanamh mar

- **taighde**
- **cabhair a thabhairt do na fostaithe lánaimseartha** le páipéarachas srl.
- **mion-obair dlítheach** a chuir i gcrích don chomhlacht.








Déanfaidh go leor comhlachtaí a ndícheall chun a n-intéarnaigh a bhogadh timpeall na ranna difriúla, ionas go mbeidh an seans ag an intéirneach taithí a fháil i go leor réimsí difriúla. Tá sé tábhachtach freisin d'intéirneacha tionscnaíocht a thaispeáint don chomhlacht áfach, agus a luach a léiriú dá bharr; má cheapann comhlacht go bhfuil an intéirneach ar fheabhas, b'fhéidir go dtabhairfaidh siad intéarnacht níos faide dóibh, nó traenáil lán-aimseartha tar éis an choláiste.



www.lawed.ie
info@lawed.ie
© LawEd - All rights reserved - LawEd2024
LawEd
TAKING THE LAW FURTHER

# CONAS A BHEITH I D'INTÉIRNEACH DLÍ/PARAIDLÍTHIÚIL

Cuireann an cuid is mó de chomhlachtaí dlí roinnt intéirneachtaí ar fáil gach bhliain i gcóir mic léinn agus céimithe. Ní chiallaíonn sé seo go bhfaighidh gach mac léinn intéirneacht áfach, agus de ghnáth bíonn go leor iomaíocht ann chun ceann a fháil.

Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach seasamh amach ó na hiarrthóirí eile!

Cabhraíonn torthaí acadúla maithe go mór, agus tá íos-torthaí ag teastáil ag go leor comhlachtaí. Tá modhanna difriúla ann chun cabhrú le d'iarratais, áfach.



- Más féidir leat taispeáint go bhfuil tú páirteach sa chumann dlí i do choláiste
- nó gur toghadh tú mar ionadaí ranga do bhliain
- nó go ndearna tú obair dheonach
- beidh seans níos fearr ag d'iarratas a bheith rathúil.

De ghnáth, cuireann comhlachtaí agallaimh ar siúl i rith an próiséis iarratais, agus mar sin tá sé tábhachtach do mhic léinn  tréithe agus scilleanna éagsúla a thaispeáint; mar shampla,

- líofacht i dteanga eile
- taithí oibre riaracháin a bheith agat
- nó fiú a bheith páirteach i gcumann drámaíochta na hollscoile



Taispeánann tréithe mar seo go mbaineann tú sult as dúshláin nua a thriáil, agus go bhfuil caitheamh aimsire agat leasmuigh den dlí chomh maith. Ná déan dearmad, tá fostóirí ag lorg daoine a réitíonn go maith leo agus a gcuireann suim sna rudai céanna; ní leor suim a bheith acu sa dlí.

Cuireann go leor comhlachtaí iarratais ar fáil ar líne, le spriocdháta chun d'iarratas a chríochnú. Ní hé seo an t-aon slí chun intéirneacht a fháil, áfach; tá sé tábhachtach chomh maith dul i dteagmháil le do lucht aitheantais sa dlí, agus dianseasmhacht agus fonn a thaispeáint nuair atá post á lorg agat. Ag an am céanna, muna n-éiríonn leat le hiarratas, déan iarracht aiseolas a fháil ón fostóir; tá seans ann go mbeidh cuimhne acu ort sa todhchaí!



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024



# RÉIMSÍ ÉAGSÚLA DLÍ

Buntáiste mór atá ag an dlí ná go bhfuil raon leathan d'ábhair difriúla i gceist leis, agus mar sin is cinnte go  mbeidh cúpla réimse a thaithneoidh le mic léinn. Ag an am céanna, beidh réimsí ann nach dtaitneoidh leo. Tá gach duine difriúil maidir le na réimsí is fearr agus is measa leo, agus mar sin tá sé tábhachtach triail a bhaint as an méid is mó ábhair chun na cinn is fearr leat a roghnú.

An aidhm atá leis an mír seo ná achoimre bunúsach a thabhairt ar roinnt príomh-réimsí dlí a chuirtear ar fáil do mhic léinn sa tríú leibhéal. Is fiú a thabhairt faoi deara áfach, nach bhfuil anseo ach cuid de na réimsí a chuirtear ar fáil; bheadh leabhar ag teastáil chun liosta iomlán a thabhairt!



























www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER

# DLÍ COIRIÚIL




De ghnáth, baineann go leor mic léinn dlí taitneamh as dlí coiriúil, mar go bhfuil sé spéisiúil agus suimiúil le foghlaim. Is réimse tráthúil é, agus is minic a fheicimid cinnlínte nuachta a bhaineann leis, nó clár teilifíse ina bhfuil tréithe coiriúla iontu. Dá bharr sin, ceapann mic léinn go mbeidh sé níos éasca staidéar a dhéanamh air, mar go bhfuil níos mó eolais acu faoi ná roinnt ábhair dlí eile. Is ábhar deacair agus casta é dlí áfach, agus tá leibhéal ard dúthrachta ag teastáil le bheith rathúil.

Go hiondúil, tosaíonn mic léinn ag déanamh staidéir ar dlí coiriúil le intreoir ar **gnéithe coir**, agus tar éis sin déanann siad staidéir ar ábhair eile. Ina measc, is minic a bhíonn **cionta oird phoiblí, dúnmharú, cionta gnéis,** agus **cosaint**. Chomh maith le bheith suimiúl, is féidir le dlí coiriúil a bheith sách dian, agus ba chóir do mhic léinn labhairt lena léachtóir nó teagascóir pearsanta má tá siad buartha faoi aon rud.

# DLÍ TORT

Réimse eile a thaitníonn le go leor mic léinn ná dlí tort, nó dlí sibhialta. Go bunúsach, is éard is brí le dlí tort ná an dlí a rialaíonn éagóirí sibhialta. Mar shampla, má tá coisí ag dul trasna na sráíde san oíche gan aon éadaí frithchaiteacha, agus má bhuaileann gluaisrothar é a tá ag dul thar an luasteorainn, cé a bheidh freagrach as costaisí an ospidéila íoch? Murab ionann is an dlí coiriúil ina gcaithfidh an cúisí a bheith ciontach thar amhras réasúnta, feiceann dlí tort ar chothromaíocht na dóchúlachta. Dá bhrí sin, tá an seans ann go ar an mbeirt phairtí cuid den costas a híoch.




Má tá staidéar á dhéanamh ag mic léinn ar dlí tort is minic a dheanfaidh sé staidéir ar réimsí mar **treaspás, clúnmhilleadh, faillí,** agus **dlí an neamhord strus iarthrámach** (law of nervous shock).


www.lawed.ie
info@lawed.ie
© LawEd - All rights reserved - LawEd2024
LawEd TAKING THE LAW FURTHER

## DLÍ IDIRNÁISIÚNTA



I ndáiríre, clúdaíonn an dlí idirnáisiúnta go leor ábhair difriúla a dhéanfaidh mic léinn sa tríú leibhéal. De ghnáth, tosaíonn daltaí le intreoir bunúsach maidir le dlí idirnáisiúnta agus dlí an tAontas Eorpaigh, sula dtosaíonn siad ábhair mar **dlí idirnáisiúnta poiblí, dlí idirnáisiúnta príobháideach, dlí na hiomaíochta**, agus **dlí um chearta an duine**. Is dócha go mbainfidh mic léinn taitneamh as roinnt gnéithe a mbaineann le dlí idirnáisiúnta, ach nach dtaitneoidh gnéithe eile leo. Mar sin, tá sé tábhachtach triail a bhaint as roinnt réimse difriúla maidir leis an staidéir seo. De bhrí a éagsulacht, tá go leor gairmeacha difriúla ar fáil a bhaineann leis, obair leis an AE, eagraíochtaí neamhbhrabúis, agus rialtais náisiúnta san áireamh.

## DLÍ NA GCONARTHAÍ




Rialaíonn an saghas dlí seo comhaontú idir dhá pháirtí nó níos mó atá infheidhmithe (legally enforceable). Is ábhair tábhachtach é sa dlí, agus is minic a bhíonn sé mar croímhodúl do dhaltaí sa chéad bhliain sa choláiste. De ghnáth, nuair a smaoinimid ar chonradh smaoinimid ar comhaontaithe ollmhóra a dhéantar idir imreoirí agus clubanna ó thaobh pá de, nó táthcheangail agus éadáil maidir le comhlacht cáiliúil a fheicimid sa nuacht. Is féidir conradh a chruthu nuair a dhéanann tú gníomh simplí cosúil le barra seacláide a cheannach. Nuair a thairgíonn tú do chuid airgead don ollmhargadh áitiúil mar chúiteamh don seacláid, i ngan fhios duit tá tú tar éis an chéad saintréith den conradh a shásamh: **an tairiscint**. Nuair a thógann an ollmhargadh do chuid airgead mar chúiteamh don bharra, tá siad tar éis an dara saintréith a shásamh: **glacadh.** Mar sin, déanann an chuid is mó againn conarthaí le daoine eile gach lá; i ngan dúinn!


© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

## DLÍ RÉADMHAOINE




Is minic a cheanglaíonn daoine an téarma 'réadmhaoin' le tithe agus foirgnimh eile. Fiú muna bhfuil siad mícheart, i ndáiríre tá i bhfad níos mó i gceist le réadmhaoin. Is é is brí leis ná aon rud gur le éinne é. Mar shampla, tá do mhála scoile, ríomhaire glúine, agus na stocaí a fuair tú i gcomhair do bhreithlá deireanach rialaithe ag dlí réadmhaoine. Ábhair atá bainteach leis an saghas réadmhaoin sin ná ábhair mar **comharbas** (succession) agus **iontaobhais** (trusts). Is cuid mór é talamh den réimse dlí seo freisin, agus de bhrí sin glaotar **dlí talún** air chomh maith. Is iad na hábhair atá bainteach le talamh ná **mórgáistí, seilbh dhochrach** (adverse possession), agus **ceadúnais**. Is croímhodúl é dlí réadmhaoine de ghnáth, ach cuirtear ar fáil é do mhic léinn sa dara nó tríú bliain de ghnáth mar gheall ar cé chomh casta is atá sé.

## DLÍ NA GCOMHLACHTAÍ




Níl sé ró-dheacair buille faoi thuairim a thabhairt faoi céard é príomfócas an réimse seo! Is éard ata i gceist le dlí na gcomhlachtaí ná an dlí a rialaíonn comhlachtaí. Is réimse an-chasta sadlí é, agus de ghnáth piocann mic léinn é nuair atá sé ar intinn acu na scrúdaithe FE-1 a dhéanamh é. Cuid de na hábhair atá i gceist ná **bunú an comhlachta, cearta scairshealbhóirí, dualgais an stiúrthóra,** agus **trádáil mheargánta & calaoiseach**. Má tá aon suim agat sa ghnó, nó má tá fút speisialtóireacht a dhéanamh sa dlí tráchtála, tá seans maith ann go mbainfidh tú taitneamh as an ábhar seo!



Ⓒ LawEd - All rights reserved - LawEd2024

## DLÍ AN SPÓIRT




Is modúl roghnach é dlí an spóirt de ghnáth, a chiallaíonn gur féidir le mic léinn staidéir a dhéanamh air más maith leo. Is réimse dlí é atá ag forbairt an t-am ar fad, agus tá go leor deiseanna iontacha ceangailte leis i gcomhair céimí. Is iad cuid dé na hábhair a dhéanann tú ná **spóirt troda, dópáil sa spóirt,** agus **gorthuithe sa spóirt**, mar **comhtholgadh** (concussion). Beidh an Chúírt Eadrána do Spóirt (CAS) curtha i láthair do mhic léinn a dhéanann staidéir ar dlí spóirt comh maith; is é a bhfuill ann ná an phríomh institiúid idirnáisiúnta a réitíonn cúrsaí ceangailte le dlí spóirt.

## DLÍ LEIGHIS



Is réimse casta é dlí an leighis, agus de ghnáth is modúl roghnach é. Nuair a dhéanann mic léinn staidéir ar dlí tort, déanann siad beagáinín staidéir ar **faillí leighis** (medical negligence) áfach. Go bunúsach, tá ceangal idir dlí an leighis agus aon cheist a thagann chun cinn sa réimse leighis, nó a bhaineann le sláinte. Mar shampla, de ghnáth déanfaidh mic léinn staidéir ar **ginmhilleadh & eotanáis** (abortion & euthanasia), **dualgas cúraim doctúirí**, agus **dlí sláinte mheabhrach**. Cosúil le dlí coiriúil, is féidir le dlí leighis a bheith sách dian, agus ba chóir do mhic léinn labhairt lena léachtóir nó teagascóir pearsanta má tá siad buartha faoi aon rud.



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024



# PRÍOMH SCILEANNA & TRÉITHE

Munar chuir an treoirleabhair seo drochmhisneach ort maidir le staidéar a dhéanamh ar an dlí, tá seans maith ann go n-oirfidh sé go maith duit! An rud deireanach atá le plé ná na scileanna agus tréithe atá riachtanach le post a fháil sa dlí. Ní bheidh na scileanna seo ag gach éinne agus iad ag dul isteach sa tríú leibhéal, agus tá sé seo ceart go leor; cúis amháin le freastal ar ollscoil ná chun feabhas a chur ar do chuid laigí, agus do chuid láidreachtaí a bheachtú!

Seo cuid de na scileanna a ceanglaítear le dlí:

**PRÍOMH SCILEANN A & TRÉITHE**

- CUMARSÁID
- TAIGHDE
- BUANSEASMHACHT



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

LawEd
TAKING THE LAW FURTHER



## CUMARSÁID

Maidir le lucht an dli, cabhraíonn siad  le cliantaí le cúrsaí dlí. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach a bheith in ann cumarsáid  éifeachtach a dhéanamh le do chliantaí, agus iad a choimeád ar an eolas i dtaobh an dul chun cinn ina gcásanna. Fiú más é an dlíodóir colscaradh is fearr sa tír, ní éireoidh go maith leis muna bhfuil sé in ann aire agus meas a thaispeáint dá chliantaí, agus iad a choimeád  ar an eolas maidir lena gcolscaradh féin! Chomh maith le sin, gan scileanna cumarsáide, beidh do phost i bhfad níos deacra, mar go mbeidh sé níos deacra  eolas tábhachtach a fháil ó dhaoine.



## TAIGHDE

Lasmuigh de corraíl na cúirte, baineann an chuid is mó de tascanna an dlíodóra le taighde, taighde, agus níos mó taighde! Tá se tábhachtach tuiscint *conas* eolas a aimsiú, chomh maith le *cén* eolas a aimsiú. Cabhraíonn staidéir san ollscoil go mór leis an scil seo, mar go bhfuil ort go leor tascanna scríofa a dhéanamh go minic, agus go leor taighde ag teastáil ar bhunachair sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an dlí ag forbairt an t-am ar fad, agus fiú nuair a cheapann tú go bhfuil gach rud ar eolas agat maidir le rud éigin, tá seans maith ann go mbeidh go leor taighde nua déanta air bliain, no féw cúpla mí ina dhiaidh sin. Mar sin, tá sé tábhachtach súil a choimeád ar aon fhorbairtí dlí i do réimse.



www.lawed.ie
info@lawed.ie

© LawEd - All rights reserved - LawEd2024



## BUANSEASMHACHT

Má roghnaíonn tú staidéar a dhéanamh ar an dlí in aon tslí, seans go gceapfaidh tú go bhfuil sé mearbhlach, casta, agus deacair. Dá bhrí sin, is féidir lagmhisneach a bheith ar roinnt daoine. Is é an rud *is* tábhachtaí agus tú ag déanamh staidéir ar an dlí ná smaoineamh go bhfuil gach duine mar an gcéanna. Níl tú i d'aonar, agus má tá tú in ann buanseasmhacht agus díograis a thaispeáint, éireoidh leat sa deireadh, agus tuigfidh tú rudaí. Chomh maith le sin, agus tú cáilithe, tá seans maith ann nach bhfaighidh tú obair láithreach i réimse a bhfuil suim agat inti. Má fhanann tú leis, má oibríonn tú go dian, agus má thaispeánnan tú go bhfuil tú tiomanta, éireoidh leat; níl aon teorann seachas na cinn a leagann tú amach duit féin!


© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

# IMEACHTAÍ AGUS CÚRSAÍ

Ag LawEd, cuirimid go leor ceardlanna dlí ar fáil; ar an láthair, ar líne, agus cúrsáí r-fhoghlaim i gcomhair gach bliainghrúpa meánscoile. Tá roghanna do thaithí oibre, cláracha eolas sóisialta, tascanna d'éacht praicticiúil, rannpháirtíocht an phobail, agus oideachas ar scilleanna beatha duit féin, an mac léinn.

An bhfuil suim agat staidéar a dhéanamh ar an dlí? B'fhéidir go gcabróidh cuid d'ár gcursaí r-fhoghlaim leat níos mó eolais agus buntáistí a thabhairt duit féin maidir le staidéir an dlí.

Tá 6 **chúsa r-fhoghlaim** dlí ar fáil;

- **An Dlí Nochta** – costas 9 ranganna
- **Léargas Ginearálta ar ár gCóras Dlí** – costas 4 ranganna
- **Dlí Coiriúil agus Sibhialta a Thuisicint** – costas 4 ranganna
- **An t-Aos Óg agus a gCuid Cearta** – costas 5 ranganna
- **Do Shaol ar Líne & an Dlí** – costas 3 ranganna
- **Toiliú, Caidreamh Gnéis & Cionta gaolta leis –** costas 3 ranganna

Is féidir na cúrsaí seo a aimsiú ar **www.lawed.ie**


www.lawed.ie
info@lawed.ie
© LawEd - All rights reserved - LawEd2024

# LAWED/CAREERED ASPIRE

An bhfuil cabhair ag teastáil uait maidir le hábhair, cúrsaí agus gairmeacha? An é an dlí an rogha ceart duit?

Má tá tú ag smaoineamh ar staidéar a dhéanamh ar an dlí mar dhalta méanscoile (CAO) nó mar fochéimí nó iarchéimí sa deireadh, tá an t-eolas ar fad againn!

Aimsigh an bealach is fearr chuig do shlí bheatha le CareerEd, ina bhfuil 3 rogha seirbhísí difriúla curtha ar fáil againn ag www.lawed.ie


© LawEd - All rights reserved - LawEd2024